Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 5 Iúil 2021
(OR. en)

10038/21

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0147(NLE)**

WTO 162
COASI 96

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 10037/21 + ADD 1 |
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, sa Choiste Trádála arna bhunú leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shóisialach Vítneam maidir leis na Rialacha Nós Imeachta a ghlacadh don Choiste Trádála<br>- Glacadh |

1. An 21 Meitheamh 2021, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh an Chinnidh thuasluaite ón gComhairle (10037/21 + ADD 1).

2. Chuathas i gcomhairle i scríbhinn leis an gCoiste um an mBeartas Trádála (Ionadaithe) maidir leis an téacs sin agus d'fhormhuinigh sé an téacs, sa riocht inar modhnaíodh é, chun roinnt coigeartuithe riachtanacha a chur san áireamh.

3. I bhfianaise an mhéid thuas, agus faoi réir daingniú ó Choiste na mBuanionadaithe, iarrtar ar an gComhairle an méid seo a leanas a dhéanamh:

   - an Cinneadh ón gComhairle a ghlacadh mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air agus a leagtar amach in 10039/21 agus in 10040/21 é;

– a chinneadh go n-ordófar an Cinneadh ó Choiste Trádála AE-Vítneam, mar a leagtar amach in 10040/21 é, a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, a luaithe a ghlacfar é;

- a thabhairt dá haire go gcuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE, agus go ndéanfar an Cinneadh ón gComhairle a tharchur chuig an bParlaimint; agus

- a chinneadh go gcuirfear sna miontuairiscí an ráiteas atá san aguisín a ghabhann leis an nóta seo.